Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2024
(OR. en)

7753/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0373(COD)**

ENV 299
MI 302
IND 155
CONSOM 108
COMPET 323
MARE 7
PECHE 114
RECH 125
SAN 164
ENT 65
ECOFIN 309
CODEC 804

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14248/23 + ADD 1 - COM(2023) 645 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú<br>- Díospóireacht bheartais |

1. An 16 Deireadh Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le caillteanais millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú[1], arb iad an phríomhfhoinse truaillithe micreaphlaisteach neamhbheartaithe iad.

[1] 14248/23 + ADD 1 - COM(2023) 645 final.

2. Chuir an Coimisiún an togra reachtach agus an measúnú tionchair a ghabhann leis faoi bhráid na Meithle um an gComhshaol an 14 Feabhra 2024. Tar éis tuairimí tosaigh a fháil ó na Ballstáit, d'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí tuilleadh barúlacha a chur ar fáil chun obair ar an gcomhad a threorú. Mar sin féin, chun tuilleadh dul chun cinn ar an gcomhad a éascú, bheadh gá le treoir pholaitiúil ón gComhairle i ndáil le trí shaincheist.

3. Chun an díospóireacht ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Comhshaol) an 25 Márta 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra agus ceisteanna do na hAirí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú**

**- Páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hairí -**

Le Straitéis an Aontais 2018 um Plaistigh i nGeilleagar Ciorclach, admhaíodh na rioscaí comhshaoil agus na rioscaí féideartha do shláinte an duine a bhaineann le micreaphlaistigh agus moladh réitigh nuálacha lena spriocdhírítear ar fhoinsí éagsúla truaillithe micreaphlaisteach. D'aithin grúpa Príomhchomhairleoirí Eolaíochta an Choimisiúin Eorpaigh na rioscaí féideartha a bhaineann le truailliú micreaphlaisteach in 2019 freisin agus mhol sé gníomhaíocht réamhchúraim a dhéanamh. Le Plean Gníomhaíochta 2020 don Gheilleagar Ciorclach, cuireadh de cheangal ar an gCoimisiún dul i ngleic le micreaphlaistigh a bheith sa chomhshaol trí shrian a chur le micreaphlaistigh a chuirtear isteach i dtáirgí d'aon ghnó agus trí aghaidh a thabhairt ar scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach. I bPlean Gníomhaíochta 2021 maidir le Truailliú Nialasach, mhol an Coimisiún gur cheart don Aontas scaoiltí (beartaithe agus neamhbheartaithe) micreaphlaisteach isteach sa chomhshaol a laghdú 30 % faoi 2030.

Ghlac an Coimisiún Rialachán an 25 Meán Fómhair 2023 lena gcuirtear srian le micreaphlaistigh a chuirtear isteach d'aon ghnó i dtáirgí[1]. An 16 Deireadh Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le caillteanais millíní plaisteacha don chomhshaol a chosc. Is príomhfhoinse truaillithe micreaphlaisteach neamhbheartaithe iad caillteanais millíní plaisteacha.

Is iad millíní plaisteacha an t-amhábhar tionsclaíoch a úsáidtear le haghaidh gach táirgeadh plaisteach. Tá foirmeacha éagsúla amhábhar tionsclaíoch plaisteach ann, lena n-áirítear millíní, calóga, púdair agus i bhfoirmeacha leachtacha, ar a dtugtar le chéile 'millíní plaisteacha réamhtháirgthe'. Úsáidtear an scáth-théarma 'millíní' sa togra. Na cleachtais láimhseála atá i bhfeidhm faoi láthair, bíonn caillteanais ann dá ndeasca ag gach céim den slabhra soláthair, go háirithe i dtáirgeadh, próiseáil (óghábhair nó ábhair athchúrsáilte), iompar agus in oibríochtaí eile lóistíochta, athchúrsála agus bainistithe dramhaíola. Tar éis dóibh dul isteach sa chomhshaol, tá sé nach mór dodhéanta millíní plaisteacha a ghabháil. Thairis sin, scaiptear millíní plaisteacha go héasca thar achair mhóra trí shruthanna gaoithe agus uisce.

[1] C(2023)6419 final.

Tá drochthionchar ag caillteanais millíní plaisteacha ar an gcomhshaol, ar an aeráid, ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar (e.g. iascaireacht, talmhaíocht, turasóireacht). Léirítear sna meastacháin gur cailleadh idir 52 140 tona agus 184 290 tona millíní isteach i gcomhshaol an Aontais in 2019. Is ionann sin agus 2 100 agus 7 300 trucail lán le millíní in aghaidh na bliana. Tá caillteanas millíní plaisteacha sa chomhshaol ar an tríú foinse is mó de na scaoiltí neamhbheartaithe micreaphlaisteach uile.

Táthar ag súil go laghdófar, leis an togra, caillteanais millíní suas le 74 %. Chomh maith le caillteanais millíní plaisteacha a laghdú agus, dá bhrí sin, a n-éifeachtaí díobhálacha a laghdú, táthar ag súil freisin go gcabhróidh bearta coiteanna ar fud an Aontais le cothrom iomaíochta a bhaint amach d'oibreoirí ar fud an Aontais.

Déantar foráil sa togra do bhearta a bheidh le cur chun feidhme ag oibreoirí feadh an tslabhra soláthair chomh maith le córas tuairiscithe agus comhlíontachta:

**Bearta atá le cur chun feidhme ag oibreoirí**

Is mar gheall ar easpa feasachta agus drochchleachtais láimhseála den chuid is mó gur ann do chaillteanais millíní plaisteacha, agus dá bhrí sin is féidir iad a laghdú go mór le bearta tapa. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaidh gach oibreoir a bhíonn ag láimhseáil millíní san Aontas ar mó ná 5 thona in aghaidh na bliana iad, mar aon le hiompróirí ar de chuid an Aontais iad agus iompróirí nach de chuid an Aontais iad a bhíonn ag iompar millíní plaisteacha na bearta ar fad is gá san ord tosaíochta seo a leanas: cosc a bheith ann chun aon doirteadh millíní a sheachaint; millíní doirte a shrianadh lena áirithiú nach dtruaillíonn siad an comhshaol; agus, mar rogha dheiridh, glanadh suas tar éis doirteadh nó caillteanas. Liostaítear na bearta in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann leis an togra. Tá na bearta sin curtha chun feidhme ag na ceannródaithe cheana féin. Tá sé de chumhacht ag údaráis inniúla náisiúnta a cheangal go gcuirfear bearta breise nó bearta éagsúla chun feidhme.

**Córas tuairiscithe agus comhlíontachta**

Tá ról lárnach ag na húdaráis inniúla náisiúnta sa chóras comhlíontachta toisc go gceanglaítear orthu cigireachtaí comhshaoil agus bearta fíorúcháin eile a dhéanamh bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe. Ina theannta sin, chun cabhrú leis na húdaráis inniúla náisiúnta comhlíonadh a fhíorú, ní mór d'oibreoirí móra deimhniú um chomhlíonadh a fháil, arna eisiúint ag tríú páirtí neamhspleách. Chun an t-ualach ar oibreoirí beaga a mhaolú, ní gá dóibh deimhniú tríú páirtí a fháil ach ina ionad sin ní mór dóibh féindearbhú a chur isteach lena léirítear a gcomhréireacht. Ba cheart na deimhnithe agus na féindearbhuithe araon a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, tá modheolaíocht chomhchuibhithe beartaithe chun caillteanais millíní plaisteacha a mheas.

**Iompar muirí**

Ní chumhdaítear leis an togra caillteanais a eascraíonn as millíní plaisteacha a iompraítear ar muir. Cé gurb annamh a tharlaíonn caillteanais mhuirí de thimpiste, bíonn tionchair dhiúltacha thobanna shuntasacha acu ar éiceachórais áitiúla agus ar phobail atá buailte, mar a léiríodh le teagmhais millíní a tharla le déanaí ar chóstaí na Spáinne agus na Fraince. Tá plé ar siúl ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) chun na rioscaí comhshaoil a bhaineann le hiompar millíní plaisteacha a laghdú trí bhearta roghnacha agus éigeantacha a bhaineann le trí ghné: faisnéis iompair, pacáistiú ar ardchaighdeán agus stuáil shábháilte. Meastar, áfach, nach mbeidh bearta éigeantacha ann sa ghearrthéarma mar thoradh ar phlé IMO.

**Ceisteanna ar na hairí**

1. *I bhfianaise na gcuspóirí a leagtar amach sa togra le baint amach, an measann tú gur leor na bearta atá beartaithe?*
2. *Cad é do mheas ar an togra ó thaobh na freagrachta de, seiceáil comhlíontachta san áireamh, a leithdháiltear ar ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha éagsúla?*
3. *I bhfianaise stádas phlé IMO, ar cheart bearta maidir le hiompar muirí a áireamh freisin sa Rialachán atá beartaithe?*